

MISE, MÍCHEÁL

Achmhainí do Mhúinteoirí

le Heidi Schonenberger & Sarah FitzGibbon

Prímeáil an Chanóin: Mise, Mícheál

Cad i sea Prímeáil an Chanóin?

Spreagtha ag saothar Tim Crouch, cruinníonn Prímeáil an Chanóin cuid de mhór-shaothair Chanóin na hÉirinn le chéile agus déanann iad a iniúchadh trí shúile na carachtair gurb leanaí iad. Tugann saothar Tim Crouch dearcadh don lucht féachanna ar dhráma trí shúile na mion-charachtair ann. Chinn foireann Amharclann na Mainistreach drámaí a chur faoi chaibidil trí na carachtair gurb leanaí iad. Éascaíonn sé seo rannpháirtíocht ar chúpla slí. Tá Achmhainí do Mhúinteoirí ar fáil a thugann tacaíocht do sna cláracha seo agus a nascann an t-eispéireas le mórán gnéithe de chuid Curaclam na Bunscoile agus na hIar-Bhunscoile araon.

An dúshlán a chuireamar ós ár gcomhair ná saothar d'ardchaighdeán a chruthú a thabharfaí ar chamchuart go hallaí scoile agus ranganna scoile na tíre. Léiriúcháin 'le breith liom' a d'eascair as an bpróiseas, tá gach léiriúchán so-iompartha i gcúl chairr. An sprioc againn ná fíor-shamplaí téatar a léiriú – aisteoir amháin i mbun scéala charachtair amháin agus iad ar bheagán thacaíocht teicniúil nó dearadh.

Prímeáil an Chanóin 2: Mise, Mícheál

I 2013 dhéan Amharclann na Mainistreach Tara McKevitt a choimisiúnú chun *Mise Mícheál* a fhorbairt. Dráma le haisteoir amháin atá bunaithe ar an gcarachtar Michael i ndráma cáiliúil Brian Friel, *Dancing at Lughnasa* atá i gceist.

Lonnaithe i nDún na nGall i rith an tSamhraidh sa bhliain 1936, tugann *Mise Mícheál* deis don charachtar Mícheál cur síos a dhéanamh ar lá eachtrúil ina shaol féin - an lá ina mbuaileann sé lena athair don chéad uair. Déanann an dráma iniúchadh ar chaidreamh teaghlaigh, moráltacht agus féinléiriú in Éireann sna tríochaidí trí shúilibh an bhuaichalla óig.

Aidhmeanna an Chláir:

- Polaitaíocht shóisialta na hÉireann thar éis an Chogadh Cathartha a chur faoi chaibidil ionas gur féidir tuiscint níos fearr a fháil ar dhomhan Brian Friel in a dhráma *Dancing at Lughnasa*.
- An t-eisiamh agus an leithcheal i bpolaitaíocht shóisialta na hÉireann thar éis an Chogadh Cathartha a chur faoi chaibidil. Feidhmeoidh sé seo mar lionsa ficseanúil chun eisiamh agus leithcheal an lae inniu a iniúchadh.
- A chur ar chumas mic léinn bunscoile dul i ngleic le beo-thaibhiú sa spás scoile acu.

Is foirm ealaíne comhoibríoch an téatar ina dtagann grúpa daoine le scileanna éagsúla le chéile chun píosa téatar a chruthú. Lig don rang machnamh a dhéanamh ar cé mhéid daoine a d'fhéadfadh a bheith bainteach le léiriúchán amháin.

Tá na h-aisteoirí so-fheicthe ach cad faoi na daoine eile?

Tá stiúrthóirí; scríbhneoirí; oilliúnóirí gutha; dearthóirí feisteas; déantóirí prapaí/fearais; dearthóirí seit; tógálaithe seit; dearthóirí soilse; oibríteoirí soilse; dearthóirí agus oibríteoirí fuaime; cumadóirí; puipeadóirí agus déantóirí puipéid; roghnú aisteoirí; dearthóirí grafaicí do sna póstaerí agus dearadh na gcláracha; margáíocht agus preas

chun an seó a dhíol leis an bpobal; oifig na dticéad; áisteanna fáilteachais agus an fhoireann a chuireann fáilte roimh an lucht féachana; ránóga scrípteanna a chabhraíonn le scríbhneoirí drámaí a scríobh; bainisteoirí léirithe a choimeádann súil ar na buiséid ar seóanna áirithe agus a dhéanann comhordú ar chuile dhuine; oifigigh oideachais agus pobail a ghríosáíonn lucht féachanna nua - cosúil libhse - caidreamh a bhunú le bhur Téatar Náisiúnta ag Amharclann na Mainistreach.

Mise, Mícheál Achmhainí do Mhúinteoirí

Aidhmeanna:

- Polaitaíocht shóisialta na hÉireann thar éis an Chogadh Cathartha a chur faoi chaibidil ionas gur féidir tuiscint níos fearr a fháil ar dhomhan Brian Friel in a dhráma *Dancing at Lughnasa*
- daltaí bunscoile a spreagadh i dtreo téacs claiseacach Éireannach trí bheo-thaibhiú
- an cur chuige téamúil agus na coincheapanna téamacha sa léiriú a fhorbairt
- soláthar nascanna tras-churaclam trí úsáid na drámaíochta.

Díríonn an réamhobair agus obair iar-léirithe isteach ar an Stair, Béarla agus SPHE tríd an Drámaíocht agus an Ceol.

Ag deireadh na hoibre seo tá súil againn go mbeidh daltaí tar éis:

- taighde agus iniúchadh a dhéanamh ar Éireann sa tréimhse i ndiaidh an Chéad Chogadh Domhanda.
- machnamh a dhéanamh ar na carachtair i *Mise Mícheál* agus drámaíocht, filíocht, ceol, scríobh agus gluaiseacht a úsáid sa phróiseas
- an saol mar a bhí in Éireann sna 1930í a chur faoi chaibidil
- ábhair cosúil leis an eisiámh agus an éagsúlacht sa chomhthéacs sóisialta sna 1930í agus sa lae inniu a phlé.

Aois an Ghrúpa: Rang a 5 agus Rang a 6, Aois 10-12

Próifíl an ghrúpa: Tá an scéim seo dírithe ar dhaltaí sa chúigiú agus sa séú bliain go bhfuil léiriú de *Mise Mícheál*, Amharclann na Mainistreach feicthe acu ar scoil. Beidh taithí na ndaltaí in úsáid na drámaíochta sa rang scoile difriúil ó rang go rang. Tagann na daltaí ó áiteanna éagsúla agus beidh cumais mheasctha acu. Ba cheart na ceachtanna a chur in oiriúint do riachtanaisí ar leith na ndaltaí.

• **Faid:** 11 ceacht x 45 nóiméad

• **Gnéithe Speisialta:** Tá an paca seo curtha in oiriúint do mhúinteoirí bunscoile gur spéis leo eispéreas an bheo-léiriú a fhorbairt. Le seo tá próiseas-dhrámaíocht réamh-léirithe agus gníomhartha iar-léirithe chomh maith le treoir ar na teicnící a úsáidtear i múineadh na drámaíochta.

• **Achmhainí:** Ná príomh achmhainí atá de dhíth ná teacht a bheith agat ar cheol agus seinnteoir ceoil, páipéar cairte, pinn, ábhar scríbhneoireachta, achmhainní iniata cosúil le grianghrafanna/íomhánna/suímh idirlíon d'íomhánna d'Éirinn sna 1930í, cur síos ar charachtair i *Dancing at Lughnasa* le Brian Friel, giotáí fuaime ó raidió gan sreang, bileoga oibre, sainmhíniú ar théarmaí agus gach ábhar eile sa bhreis.

- **Idirdhealú:** Ba cheart na ceachtanna a chur in oiriúint do riachtanaisí ar leith na ndaltaí. Tá mionathruithe agus sínithe nó táilte i ngach ceacht. Moltar úsáid a dhéanamh ar amharc-áiseanna, imlínte agus cláracha oibre chomh maith le aird ar an spás-eagrú a spreagadh.

Sar a dtosaíonn muid iarrann muid ort dhá rud a dhéanamh.

Ar dtús, do mhúinteoirí

- An cuimhin leat an chéad uair go raibh tú féin ag an amharclann?
- An chéad uair go bhfaca tú beo-thaibhiú san amharclann nó beo-léiriú ceoil?
- An cuimhin leat cén éifeacht a bhí aige ort?
- Cad é an chéad chuimhne atá agat ar an amharclann?
- A roinnfeá leis an rang é?
- Faigh amach cé acu go bhfuil taithí ar bheo-léirithe san amharclann agus pléigh cad é an difríocht idir téatar agus scannán.

Ina dhiadh sin - Comhthéacs

- Leag amach céard is brí le: normáltacht, cobhsaíocht, cothroime. Bhfuil a samhalacha le feiscint sa rang? I do theach? Faoin mbaile? Sa chathair? Má tá, conas?
- Cén cuma atá ar ‘theaghlach normalta’?
- Conas mar a bhí sé maireachtaint in Éirinn sa 1930í?
- Cén saghas ceol a bhí le clos? Cén cineál bia? Teicneolaíocht? Conas mar a bhí an caidreamh idir cairde agus gaolta? Cén cineál poist a bhí ag daoine?
- Conas a mhúnlaíonn do theaghlach agus an caidreamh atá agat leo tú: ní hamháin tusa tú féin ach conas a mhúnlaíonn an caidreamh seo an gaol atá agat leis an domhan máguaird?
- Conas a bhraitheann sé geallúint a fháil ar rud, nuair nach bhfuil a fhios agat a bhfaigheadh tú an rud atá geallta nó nach bhfaigheadh?

Más fonn leat tuilleadh taighde a dhéanamh, úsáid an AmLíne Thagartha, Stair na hÉireann atá iniata leis seo.

- Ainmnigh ceannairí an Chogadh Cathartha.
- Leag amach amlíne de sna h-eachtraí a lean an Chéad Chogadh Domhanda.
- Déan pleanáil ar agus taispeáin reo-íomhánna leis an ngrúpa.

ACHMHAINÍ TAIGHDE

Amlíne Stair na hÉireann: 1886-1923

- STAIR NA hÉIREANN - AMLÍNE THAGARTHA: http://one-ireland.org/history_timeline/timeline.htm

- RIALTAS DÚCHAIS: http://www.historylearningsite.co.uk/home_rule_and_ireland.htm
- RIALTAS DÚCHAIS, CARTÚN: http://multitext.ucc.ie/d/Cartoon_by_John_Porter_1889
- CONRADH NA GAELIGE: <http://www.askaboutireland.ie/learning-zone/primary-students/looking-at-places/meath/fr.-eugene-ogrowney/the-gaelic-league/>
- ÉIRÍ AMACH NA CÁSCA: <http://www.iol.ie/~dluby/history.htm>
- MICHAEL COLLINS: <http://www.irishcentral.com/roots/history/Top-ten-quotes-of-legendary-Irish-hero-Michael-Collins.html>
- COGADH NA SAOIRSE: http://en.wikipedia.org/wiki/Irish_War_of_Independence
- EAMON de VALERA: <http://www.nationalarchives.gov.uk/cabinetpapers/themes/irish-independence.htm>

Próiseas-Dhrámaíocht - Ballybeg, baile beag sna 1930í

Is scéim dhrámaíochta é seo, le ceithre chéim i gceithre cheacht a chuireann domhan an dráma, *Mise Mícheál*, faoi chaibidil maraon leis an mbaile beag ficsiniúil, Ballybeg, a d'úsáid Brian Friel go mion minic. Is féidir é seo a dhéanamh thar éis an léirithe chun iniúchadh níos doimhne a dhéanamh ar théamaí an dráma leis an rang.

Ceacht 1- Ballybeg á Thógáil

Sa cheacht seo, bainfidh na daltaí úsáid as próiseas-dhrámaíocht chun sochaí idéalach in Éirinn sna 1930í a chruthú. Iarrfar ar an rang léirsceáil den bhaile a phleanáil, cinneadh a dhéanamh ar na rólanna a bheidh ag daoine sa bhaile agus bunphrionsabail rialaithe na sochaí a chur in iúl.

Faoi dheireadh an cheachta beidh mic léinn tar éis:

- sochaí idéalach a phleanáil agus a bhunú trí machnamh a dhéanamh ar an bpolataíocht, ar saol teaghlaigh agus saol scoile
- léarscáil a dhéanamh den bhaile beag idéalach sa rang
- dianmhachnamh a dhéanamh ar na téarmaí seo a leanas – normáltacht, cobhsaíocht agus cothroime – i dtaobh an bhaile atá cruthaithe
- cinneadh a thógaint faoi na rólanna sa bhaile gur mhian leo glacadh leo.

Achmbainí: Páipéar, pinn, grianghrafanna d'Éireann sna 1930í (Feic Amlíne, Stair na hÉireann)

Céim 1

- Comhthéacs an dráma agus an ré ina bhfuil sé lonnaithe a chur faoi bhráid an ranga. Tá an scéal againne lonnaithe i 1930 thar éis an Chogadh Cathartha agus tá seans ann sochaí nua a chruthú
- Úsáid an réamh-obair mar spreagadh: déan machnamh ar na cineálacha bia, ceol, teicneolaíocht cosúil leis an raidió gan sreang, na poist laethúla, na heagraíochtaí sóisialta srl. Seinn ceol ón am.

Céim 2

- Tarraing garbh-léarscáil den bhaile le dhá shéipeál – (Caitliceach & Eaglais na hÉireann) agus halla an bhaile. Lig do sna daltaí an chuid eile a líonadh isteach le chéile. Roinnt moltaí: feirmeacha, siopaí, séipéal, scoil, spásanna glasa, margadh. Lig dóibh a machnamh a dhéanamh ar phobal an bhaile agus na rólanna atá ag daoine ann. Roinnt moltaí: feirmeoirí, gabhanna, gréasaithe, búistéirí, méara, múinteoirí, sagart, siopadóir, lucht trádála, mic léinn.

Céim 3

- Eagraigh cruinniú i Halla an Bhaile. Glac ról mar *Thaighdeoir ar Cuairt* atá taghtha chun cabhrú leis an bpobal an baile a ath-thógaint. Is duine ón mbaile a d’eagraigh an cruinniú áfach. Cur tús le cúrsaí trí fáilte a chur roimh na daltaí agus gabh buíochas leo as ucht theacht chuig an gcruinniú. Léirigh fonn agus sásamh gurb Saorstát anois an tír agus go bhfuil seans ag daoine an baile acu a ath-shamhlú agus a thógaint as an nua. Míneigh freisin go bhfuil Éireann tar éis droch-ré a chur di ó tháinig deireadh leis an gCéad Chogadh Domhanda.
- Cur an cheist seo: Céard iad bun-bhloic agus bun-eilimintí na sochaí againn? Iarr ar na daltaí iad fhéin a chur in aithne lena n-ainm agus a ról sa bhaile. É sin déanta, lorg orthu pé mholadh atá acu i dtreo sochaí nua a chruthú a rá amach. Is féidir leat cabhrú leis na daltaí trí ról a mholadh dóibh, m.sh., Uasal de Búrca – an dochtúir áitiúil.
- Déan na h-eochairfhocail a iniúchadh - normáltacht, cobhsaíocht agus cothroime – iarr ar na daltaí iad a mhíniú. Iarr orthu freisin an focail tábhachta iad i dtaobh sochaí idéalach a chruthú agus conas a d’fhéadfaidís a smaointe i leith na bhfocal seo a chur i bhfeidhm sa bhaile beag acu.

Céim 4

- Iarr ar na daltaí éirí as an ról acu don chéad ghníomh eile.
- Roghnaigh grúpaí de 4/5 daltaí. Úsáid grianghrafanna/íomhánna mar spreagadh do sna hábhair seo a leanas: Saol Teaghlaigh, Polataíocht, Scoil agus Nuacht. Caithfidh chuile grúpa cúig rialacha (ar a laghad) don bhaile nua ath-shamhlaithe acu a scríobh síos, m.sh., Cé chomh mór/beag a bhí teaghlaigh ag an am? Cérbh iad ceannairí nó ceannródaithe an bhaile? An raibh córas vótála ann? Má bhí, cé acu go raibh cead vóta a chaitheamh? Conas ar ritheadh na scoileanna? Cé chomh mór is a bhí na ranganna? Cén cineál grúpdhinimic a bhí ar scoil?
- Ba cheart do chuile ghrúpa na rialacha a chum siad a roinnt leis an rang.

Machnamh:

- Ar chruthaigh na daltaí imlíne don bhaile a thagann leis an tréimhse?
- An raibh na daltaí in ann bunphrionsabail rialaithe na sochaí a aithint agus iad ag obair i ngrúpaí?
- An raibh daltaí in ann ról a ghlacadh go macánta agus a bheith páirteach sa phlé?

Ceacht 2: Lá i Saol Ballybeg

Sa cheacht seo, cuirfidh na daltaí lá sa sochaí atá cruthaithe acu faoi chaibidil. Iarrfar ar na daltaí na carachtair acu a thabhairt chun beatha chomh maith le saol teaghlaigh a léiriú - trí tascanna laethúla agus caidreamh idir na gnáthdaoine ann a thaispeáint. Déanfar é seo trí ghluaisceacht, fuaim agus idirghníomhaíocht.

Faoi dheireadh an cheachta beidh mic léinn tar éis:

- rólanna ar leith agus gnáthaimh laethúil sa bhaile a dheimhniú
- caidreamh le daoine eile ar an mbaile a chinntiú
- theacht ar thuiscint níos fearr ar saol sna 1930í trí aisteoireacht a dhéanamh i ndrámá.

Achmhainní: Amlíne Staire, aprún nó comharthóir oiriúnach eile don Mhúntóir sa Ról *Mrs Mansfield*.

Céim 1

- Na rialacha a cruthaíodh don bhaile sa tseisiún deiridh a thabhairt chun cuimhne le chéile. Dírigh isteach ar an teaghlach agus déan machnamh arís ar cén chuma a bheadh ar ghnáth-theaghlach, nó teaghlach ‘normálta’.
- Cur na daltaí in aonaid teaghlach. Cur na ceistanna seo: Cé tú? Cén ról atá agat? Cad iad na dualgais laethúil atá agat?

Céim 2

- Cur gach teaghlach i spás dá gcuid féin agus is é an spás seo an teach acu
- Iarr ar na daltaí a léiriú céard a bheadh ar bun ar na carachtair acu ag 8i.n., 12i.n., 4i.n. agus 8i.n. Déan na daltaí a reo ag amantaí chun reo-íomhá a chruthú agus déan an íomhá a iniúchadh leo. Ceistanna samplacha: Conas tá do lá ag dul? Cad atá á dhéanamh agat? Conas a bhraitheann tú?
- Tar éis dul tríd an lá ar fad, bris amach as an ról agus déan na nithe a thug tú faoi dearadh a phlé leo. Cad iad na caidrimh a d’fhorbair i rith an lae?

Céim 3

Cur *Mrs Mansfield* i gcuimhne dóibh. Glac ról *Mrs Mansfield* nó/ agus léigh an óráid uaithe amach.

‘Bean Uí Mansfield is ainm dom. Táim i mo chónaí i lár an bhaile agus déanaim beagán fúála is gúnadóireachta. Ón áit ina chónaím is féidir liom teacht agus imeacht an bhaile a fheiscint. Is ón áit seo dom ... rugadh agus tógadh anseo mé ... cúplá glúin dinn so tá aithne agam ar gach éinne – cairde agus gaolta agus muintir chuile dhuine. Táim déanach sna daicbeaidí anois, tá triúr tógtha agam agus tá mórán feictbe agam. Chailleas m’fhear chéile sa Chéad Chogadh Dombanda, ansan tharla Éirí Amach na Cásca, Cogadh na Saoirse agus an ceann ba mbeasa orthu go léir an Cogadh Cathartha. Droch-am a bhí ann. Droch-am.

Bhfuil trácht cloiste agaihb faoi Éamonn DeValera? Bhuel, 'sé ceannaire na tíre anois é agus tá'n saol níos fearr orainn. Tá nithe ciúin, socair, nórmálta arís. Tá tacaíocht na beaglaise aige agus tá scoileanna nua agus ospidéal úra againn. Is fear den scoth é DeValera.

An leaid is óige liom tá sé i Maigh Nuad. Ag dul leis an sagartacht atá, ionas gur féidir leis agus le céadta cosúil leis, cabhrú leis an stát nua ar mbaíthe teagblaigh uile na tíre. Is gá do chuide dhuine a gcuid a dhéanamh chun leasa an phobail uilig. Teagblaigh deasa cearta cú. Ach déarfaidh mé an fhírinne ghlan libh, ní chloínn gach éinne leis na rialacha timpeall anseo ... tá roinnt de sna teagblaigh ar imeall an bhaile beagán éagsúil – agus tá cead acu freastal ar an scoil áitiúil amach os ár gcomhair go léir? A gceidfeá é? Ach ní b-aon bédánaí mise! Ní ormsa atá sé focal a rá faoi ná fúthu.

Bhuel! An rud nua ar an mbaile ná an raidió. Boscaí móra iad gur féidir leat a chasadh air agus nithe a chloisint ó mbór-thimpeall an dombain! Tá siad ag caint anois ar Raidió Éireann fíú. Nach mbeadh sé sin go b-íontach ar fad don tír. Is maith liom ceol, ceol reiligiúnach nó ceol clasaiceach, ach faigheann na raidiúnna seo ceol ó gach áit ... ó sbeirbhís dbomanda an BBC! Tá daoine ag éisteacht le ceol ó chuide aird. Ceol págánach! Bannaí móra, snagcheoil Meiriceánach! Ag bualadh a gcosa leis! Téann sé i bhfeidhm ar dhaoine, tugann sé smaointe dóibh nach bhfaigfidís dá mbeidís ag éisteacht le ceol i gcomhlúadar a gcombarsan i Halla an Bhaile. Daoine ag dul le báiní! Ag rince ina dtíthe fíú! Cuirfidh sé daoine as a meabhair, ar mire a bheidh siad, ag éisteacht le rudaí nach dtuigeann said nó nach bhfuil puinn eolais acu orthu. Ní féidir go bhfuil sé go maith dóibh. D'fbéadfadh sé gur maith an rud dúinn é Raidió Éireann. Socróidh sé rudaí síos! Socróidh adeirim!

Céim 4

- Iarr ar na daltaí machnamh a dhéanamh ar charachtar Mrs Mansfield agus iarr orthu cén léargas a thugann sí ar an mbaile beag acu.
- Cén dúil atá ag an sochaí dóibh? Cén dúil atá acu dóibh féin? Conas a bhainfidh siad é seo amach?

Machnamh:

- An bhfuil na daltaí tar éis charachtair a bhaineann leis an sochaí acu a chruthú agus an caidreamh eatarthu a léiriú? Cad iad na rólanna a thaitin leo? Cad iad na smaointe a léirigh na daltaí nuair a ceistíodh iad agus iad i mbun reo-íomhá?
- An raibh daltaí in ann ról a ghlacadh go macánta agus a bheith páirteach sa phlé?
- Conas mar a chuaigh carachtar Mrs Mansfield i bhfeidhm orthu? Arbh spéis leo í a bheith sa sochaí acu féin? An bhfuil siad amhrasach fúithi? Cén fáth?

Próiseas-Dhrámaíocht - Ballybeg, baile beag sna 1930í

Ceacht 3

Cuirfidh an ceacht seo carachtar gurb stóinséir sa phobal é/í in aithne don rang. Glacfaidh an Múinteoir an Ról. Iarrfar ar na daltaí machnamh a dhéanamh ar cé hé/hí an duine seo agus cruthóidh siad reo-íomhanna den eisiámh atá i ndán don charachtar seo sa sochaí réamh-chruthaithe.

Faoi dheireadh an cheachta beidh mic léinn tar éis:

- machnamh a dhéanamh ar dhearcadh daoine imeallacha

- spéis a léiriú i gcarachtar sa bhaile acu
- léiriú a thabhairt orthu siúd a fhágtar amach maraon leo siúd gurb eisiatóirí iad

Achmhainí: Amlíne Staire, comharthóir don mhúinteoir agus do Mrs Mansfield, páipéar, pinn.

Céim 1

- Pléigh smaointe an ranga faoi ghnáth-scoil sa 1930í. An suíofadh na cailíní agus na buachaillí le chéile? An mbeadh na ceachtanna céanna acu? Cad a bhfoghlaimeoidís? Cén cineál pionós a bheadh ann?
- Abair leo go bhfuil tú chun ról an mhúinteora a ghlacadh agus go bhfuil nuacht agat dóibh.

Céim 2

- Roghnaigh grúpaí agus cur iachail orthu reo-íomhánna a chruthú a léireódh gnáth-chaidreamh scoile – sa chlós, sa rang, ag am lóin.
- Féach ar gach íomhá agus iarr ar chuile charachtar cur síos a dhéanamh ar conas a mhothaíonn siad - le focal amháin nó le frása simplí. Ba cheart do sna daltaí sa lucht féachanna breathnú freisin. Iarr orthu cur síos a dhéanamh ar cén cineál mothúcháin atá léirithe ag na carachtair ina dtuairim. Meabhraigh dóibh conas a fágadh Mícheál amach. Iarr orthu an dóigh leo go bhfuil mothúcháin Mhíchíl léirithe sna reo-íomhánna.

Céim 3

- Tabhair na daltaí le chéile mar ghrúpa amháin agus líon amach Ról ar an bhFalla (imlíne coirp folamh) do Mhícheál. Laistigh den imlíne scríobh focail a bhaineann le conas mar a bhraitheann sé faoi féin agus lasmuigh scríobh focail a bhaineann le conas a fheiceann an sochaí máguaird é. Conas mar a théann meon na sochaí agus an phobail i bhfeidhim ar na mothúcháin atá aige faoi féin?

Céim 4

- Cén fáth ar déanadh eisiámh air? Iarr ar na daltaí machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna a ardaíodh cheana faoin sochaí: Cén dúil atá ag an sochaí acu dóibh? Conas a mbriseann Mícheál na rialacha ann? An gcuireann an t-eolas seo faoin mbuachaill isteach nó amach ar an sochaí?
- Arbh ionann na focail a d'úsáid na daltaí don Ról ar an bhFalla agus na focail a d'úsáid siad agus iad ag cur síos ar na reo-íomhánna?

Machnamh:

- Iarr ar na daltaí dul siar ar na rialacha a leagadar amach do Bhallybeg agus déan plé ar na rialacha iúd. Bhfuil na rialacha in oiriúnt do sochaí an lae inniu? Cén saghas rialacha nua a d'fhéadfadh a bheith ann?

Ceacht 4: ‘Cum agus Ceap’

Tabharfaidh an ceacht seo deis do na daltaí léargas a fháil ar Mhícheál agus cumfaidh siad píosa filíochta ó bhéal (Spoken Word) freisin.

Faoi dheireadh an cheachta beidh mic léinn tar éis:

- machnamh a dhéanamh ar charachtair an dráma
- dán teibí atá bunaithe ar charachtar i Mise Mícheál a scríobh
- gréasa drámaíochta a úsáid chun dán a léiriú.

Achmbainí: Nod don dán ‘Cum agus Ceap’, uirlisí scríbhneoireachta, clár nó píosa mór páipéir agus peann, liosta de sna gréasa drámaíochta agus Ról ar an bhFallá.

Céim 1

- Tosaigh le ceistanna faoi ndrása agus céard a bhraith na daltaí faoi agus faoi na charachair ann. Ar cheap siad go raibh Mícheál puinn cosúil leo? Conas ar léirigh an t-aisteoir a ghlac páirt Mhíchíl a aois sa dráma? Cad is maith le Mícheál a dhéanamh? Conas ar léirigh sé a aintíní? Uncail Jack? A athair? A mháthair?
- Chun teacht suas le aidiachtaí le cur síos a dhéanamh ar Mhícheál, iarr ar na daltaí focal amháin a chuireann síos air a rá amach. Cad a d’fhoghlaim muid faoi Mhícheál? Conas a gcuirfeá síos ar a phearsantacht?
- Scríobh na focail seo ar an gclár nó ar pháipéir chun liosta d’aidiachtaí a chruthú. Cad iad na focail eile a d’fhéadfaimis a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar dhuine?

Céim 2

- Roinn an rang i bpéirí. Tabhair nod filíochta do chuile pháire. Léigh amach os ard é don rang agus iarr ar na daltaí charachtar amháin ón ndrása a roghnú. Líonfaidh siad isteach na bearnaí ansin ó dhearcadh Mhíchíl; Máthair Mhíchíl, Christina Mundy; Athair Mhíchíl, Gerry Evans; nó Mrs Mansfield. D’fhéadfaidís Aintín Rose, Aintín Maggie, Aintín Agnes nó Marconi (an raidió gan sreang) a roghnú freisin.
- Déan léamha teibí agus léamha litriúla an dáin a phlé. Spreag na daltaí chun cinní eolacha faoin gcarachtar a dhéanamh agus iad i mbun scríbh.

Céim 3

- Agus na dánta críochnaithe, iarr ar chuile pháire an dán acu a roinnt le páire eile.
- Iarr ar na daltaí theacht suas le slite éagsúla an dán a léiriú don rang trí ghréasa éagsúla drámaíochta nó filíochta a úsáid. Conas a dhéarfá na focail sin amach? Bhfuil siad ceolmhar? A ndéarfá le chéile iad? Bhfuil geaitsíocht a théann le h-aon focal daoibh? Cén ceol a roghnófaí mar thionlacan?
- Léirigh na dánta, dán ar dhán, don rang.

Céim 4

- Pléigh na gréasa drámaíochta a úsáideadh sa léiriú agus déan a thuilleadh plé i dtaobh na reacaireachta de. Úsáid samplaí a dhéanann trácht ar an bhfilíocht, m.sh.: léargas/dearcadh dáin, bhfuil dán litriúil nó teibí, guth dáin, macalla, éifeacht chórúil, fuaimfhocláíocht nó onamataipé, ath-rá, cantaireacht/rosca, cogar agus comharthaí. An féidir leat smaoineamh ar aon cheann eile?

Machnamh:

- Raibh na daltaí in ann aontú ar chur síos amháin den charachtar acu?
- An raibh na daltaí i n-ann gréasa drámaíochta a úsáid is iad i mbun léirithe?
- An raibh na daltaí in ann machnamh a dhéanamh ar an gcarachtar acu féin i gcomhthéacs na carachtair eile a léiríodh?

“Is Mise, Mise” Dán

TEIDEAL: _____

IS MISE, MISE.

M’ainm ná _____, ach tugtar _____ orm.

Síleann tú gurb _____ mé, ach is _____ mé dáiríre.

D’fhéadfá _____ a rá fúm ,

Ach sí an fhírinne ná _____.

Nuair a amharcaim trí mo shúile, feicim _____.

Nuair a osclaím mo chluasa, cloisim an dán ag rá “ _____ ” fúm.

Dath mo shaoil ná _____.

Fuaim mo shaoil ná _____.

Dá mbeadh blas ar an mbeatha, is é an blas a bheadh air ná _____.

Dá mbeadh aisling amháin agam, is an aisling seo _____ a bheadh agam.

Dá mbeadh buairt amháin agam is í an bhuairt seo _____ a bheadh agam.

Dá mbeadh an domhan iomlán fúm, an rud amháin a d’athróinn faoi ná:

_____.

Síleann tú gurb _____ mé, ach is _____ mé dáiríre.

Is Mise, Mise.

Scríofa ag: _____

Gréasa Drámaíocht

Guth Liriciúil: Mothacháin an léitheora a léiriú; réim éadrom, soiléir, glan.

Macalla: Aithris a dhéanamh ar fhocal nó ar chuid d'fhocal thar éis den bhunfhuaim stopadh.

Éifeacht Chóruil: Rud éigin a rá ag an am gcéanna le iliomad daoine eile

Fuaimfhoclaíocht nó Onamataipé: Focal a chumadh ó fhuaim – m.sh: siosarnach

Ath-rá: Rud a rá atá cheana ráite níos mó ná uair amháin

Cantaireacht/Rosc: Caint (nó béicíl) arís is arís eile i dtuin cheolmhar, déanta le chéile i ngrúpa de ghnáth

Cogar: Caint go bog ciúin ag úsáid na h-anála

Comhartha: Cuid den chorp a bogadh chun smaoineamh, tuairim nó cuspóir a chur in iúl

An Saol agus an Raidió Gan Sreang

Déanann an dá cheacht seo tábhacht an cheoil sa scéalaíocht a chur faoi chaibidil i gceithre chéim. Spreagfar na daltaí chun machnamh a dhéanamh ar an gceol thar na glúnta. Iarrfar orthu cén cineál ceoil a d'éist a seana-thuistí agus a dtuismitheoirí leis. Cumfaidh siad fuaimrian chun scéal nó/agus cuimhne a eachtrú.

Ceacht 1- Fuaimrian d'aon chuimhne/scéal amháin a chumadh

Faoi dheireadh an cheachta beidh na mic léinn tar éis:

- a dtuairim a thabhairt ar an gceol a úsáidtear i Mise Mícheál
- cur síos a dhéanamh ar chuimhne le trí bhuille/nóiméad ann.
- fuaimrian do chuimhne a chruthú
- an scéal acu a roinnt le comhghleacaí
- trí atmaisféar éagsúil a chur in iúl agus iad ag léiriú an scéil/cuimhne acu.

Achmbainí: Teacht ar an idirlíon/ipod chun ceol a sheinnt, páipéar, pinn

Céim 1

- Cur tús le cúrsaí trí cheist a chur ar an rang 'péist cluaise' – sé sin fonn a fhanann leo – a ainmniú
- Cad faoi a chuireann fonn ort an t-amhrán a chanadh arís is arís eile?
- Cén cineál ceoil a chanann tú ar nós cuma liom nó go neamhairdiúil?
- Cur síos air agus seinn amhrán a ritheann trí aigne Mhíchíl i rith an dráma cosúil le Anything Goes: <https://www.youtube.com/watch?v=MCjhFru6m7g>
- Iarr ar na daltaí a súile a dhúnadh/cloigne ar an mbord agus iad ag éisteacht leis an amhrán. Iarr orthu cur síos a dhéanamh ar na h-uirlisí a chloiseann siad, cén atmaisféar nó meon a chruthaigh sé dóibh, cén íomhánna a tháinig chun aigne dóibh agus iad ag éisteacht leis?

Céim 2

- Déan é seo a nascadh le saol Mhíchíl agus stair Bhallybeg agus na hÉireann. Tabhair nóiméad sa dráma ina seinntear amhrán chun cuimhne – m.sh. Marconi
- Iarr ar na daltaí na ceoltóirí/amhráin a éistean glúnta éagsúla a dteaghlach leo a roinnt leis an rang, maraon leis na h-amhráin is fearr leo féin. Is féidir leat píosaí éagsúla ceoil a sheinnt, ionas go gcloisfidh na daltaí na difríochtaí eatarthu maraon leis na mothúcháin éagsúla a bhraitheann siad iontu a aithint.

Céim 3

- Cosúil leis an scéal a d'eachtraigh Mícheál faoin lá ar bhuail sé lena athair, iarr ar na daltaí cuimhne cinn/scéal amháin a roghnú gur mhaith leo a roinnt leis an rang.
- Iarr orthu cinneadh a dhéanamh ar thús, lár agus deireadh an chuimhne agus iad seo a scríobh síos mar thrí bhuille neamhspleách. m.sh. D'eachtraigh Mícheál faoin a aintíní ag rince sa chistin, Uncail Jack ag filleadh abhaile agus a mháthair agus a athair ag damhsa.
- Nuair atá na trí nóiméid/buillí roghnaithe, iarr orthu conas mar a chuaigh/téann an chuimhne i bhfeidhm orthu nó cén atmaisféar ar mhian leo a chur in iúl. Iarr orthu amhrán amháin a roghnú do chuile bhuille/nóiméad agus fuaimrian an scéala a roinnt le comhghleacaí.
- Iarr ar dhaltaí toilteanacha a scéal a roinnt leis an rang. Má thá am, is féidir leat na h-amhráin atá roghnaithe acu a chuardach agus a sheinnt agus iad ag eachtrú an scéil.

Céim 4

- I ngrúpaí, iarr orthu scéal a léiriú le trí reo-íomhá agus ceol á dtionlacan.
- Lig leo a gcuid oibre a roinnt.

Machnamh:

- Pléigh cad ba mhó a spreag iad agus iad ag cumadh a bhfuaimrian? Céard a bhí dúshlánach dóibh? An raibh daltaí in ann na mothúcháin éagsúla a spreag an ceol a aithint?
- An raibh na mic léinn in ann an scéal a dheighilt i dtrí chuid? Ar léirigh na daltaí trí atmaisféar éagsúla sa scéal acu?

An Saol agus an Raidió Gan Sreang

Ceacht 2: Ré an Raidió Gan Sreang

Déanann an ceacht seo an saol i rith ré an raidió gan sreang a iniúchadh, ní a thagann le ré an dráma. Iarrfar ar na daltaí taighde a dhéanamh ar conas a fheidhmíonn an raidió gan sreang, éistoidh siad le giotaí fuaime ón am agus cruthóidh siad craoladh raidió ón lae inniu agus cuirfidh in oiriúint do threalamh raidió sna 1900í é.

Faoi dheireadh an cheachta beidh na mic léinn tar éis:

- ceisteanna a fhreagairt faoi stair agus eolaíocht an raidió gan sreang

- obair le chéile chun craoladh raidió ón lae inniu a chumadh agus a chur i láthair
- an guth a úsáid chun scéalta an lae inniu a chur in oiriúnt do raidió na 1900í

Achmhainí: Callairí, Teilgeoir, Íomhánna agus Físeáin mar ábhar thagartha ar an raidió gan sreang (Auisín B)

Céim 1

- Pléigh stair na teileachumarsáide. Cad a b'ainm don raidió sa dráma? Cén fáth ar tugadh raidió gan sreang air? Cén tábhacht a bhí ag an raidió do Mhícheál agus a theaghlach? Cén tábhacht a bhí leis an raidió in Éirinn na linne sin?
- Tabhair amach ábhar a chuireann síos ar stair an raidió gan sreang, íomhánna, físeáin agus altanna ina measc.

Céim 2

- Éist le sampla de chraoladh raidió:
<https://www.youtube.com/watch?v=iuKx93NTgZ0> : 17:30-19:00
Pléigh cáilíocht na fuaime.
- Cur na difríochtaí idir bheo-amharclannaíocht agus dhráma-raidió faoi chabidil. Déan an rang a stiúradh trí réamhchleachtadh gutha.
- Déan iniúchadh ar slí conas an guth a athrú nó a thimpeallú le héifeachtaí fuaime, trí mhúnlú gutha agus/nó ag úsáid ábhar sa rang, sa tslí is go mbeidh cuma ar ghuth an dalta gurb teilgean raidió é.

Céim 3

- Déan grúpaí teaghlaigh as na daltaí. Treoirigh trí dhráma iad – réitigh an bealach dóibh – m.sh. tráthnóna meirbh fómhair atá ann i 1939. Ba cheart do chuile theaghlach spás a lorg sa rang chun spás cónaithe a chruthú. Caithfidh siad an áit ina bhfuil an raidió gan sreang a ainmniú.
- Tá na leanaí díreach fillte ó lá amuigh ag spraoi sa gharraí. Tá'n dinnéar críochnaithe agus tá siad ag suí cois raidió chun éisteacht leis an gclár is ansa leo.
- Iarr ar chúpla dalta i ngach grúpa clár raidió a chumadh ar an láthair.

Céim 4

- Thar éis cúpla nóiméad seinn 'Statach Raidió' a bhrisfidh isteach ar chláracha na ndaltaí. Glac ról an *Láithreoir Raidió* agus mínigh go bhfuil fógra práinneach ag Príomh Aire na Breataine, Neville Chamberlain agus gurb shin cúis an chur isteach. Seinn an giota BRITAIN DECLARES WAR ON GERMANY. Fanadh na daltaí sna rólanna acu agus míníodh siad conas mar a chuaigh an fógra práinneach i bhfeidhm orthu.

Machnamh:

- Bris amach as do ról mar *Láithreoir Raidió* chun labhairt leis an rang faoi céard a chinn Éireann a dhéanamh i rith an Dara Chogadh Domhanda. Pléigh 'An Éigeandáil' leis an rang.
- Seinn an giota deiridh, CHURCHILL ANNOUNCES END OF WWII don rang.

ACHMHAINÍ:

[Me Michael Playlist - Youtube](#)

[ANYTHING GOES](#)

nó tá CD den cheol a úsáidtear i *Mise Mícheál* ar fáil ón Rannóg Oideachais agus Pobail

ACHMHAINÍ DON RAIDIÓ GAN SREANG

- [HISTORY OF THE RADIO \(with images\)](#)
- [INFORMATION ON GUGLIELMO MARCONI](#)
- [ARTICLE ABOUT FIRST WIRELESS TRANSMISSION](#)
- [EXAMPLE OF A PHONOGRAPH'S SOUND \(pre-wireless\)](#)
- [VIDEO ABOUT THE SCIENCE OF RADIO WAVES AND SOUND TRANSMISSION](#)
- [SAMPLE OF THE SOUND OF THE WIRELESS RADIO](#) Labharann Marconi c. 3'10"
- [EXAMPLE OF RADIO BROADCAST](#)

GIOTAÍ FUAIME ÓN RAIDIÓ

- [RADIO STATIC](#)
- [BRITAIN DECLARES WAR ON GERMANY](#) 1939
- [DEVALERA ADDRESSES CHURCHILL](#) 1945, 6:17 -7:31 and 8:55-end
- [CHURCHILL ANNOUNCES END OF WWII](#)
- [CHRISTMAS MUSIC, GLENN MILLER, 1941](#) 3:53

